



Rólaí Pólaí

Rólaí Pólaí, Rólaí Pólaí, suas, suas, suas

Rólaí Pólaí, Rólaí Pólaí, síos, síos, síos

Rólaí Pólaí, Rólaí Pólaí, amach, amach, amach

Rólaí Pólaí, Rólaí Pólaí, isteach, isteach, isteach

Rólaí Pólaí, Rólaí Pólaí, suas, suas, suas

Rólaí Pólaí, Rólaí Pólaí, síos, síos, síos



Lámh, Lámh Eile

Lámh, lámh eile, a haon, a dó

Cos, cos eile, a haon, a dó

Cluas, cluas eile, a haon, a dó

Súil, súil eile, a haon, a dó

Ceann, srón, béal, smig

Agus fiacla bána i mo bhéal istigh.



Duilleoga Deasa Deasa

**Duilleoga deasa deasa.
Duilleoga deasa buí;
Duilleoga deasa deasa,
Ag damhsa ar an gcraobh.**

**Duilleoga deasa deasa.
Duilleoga deasa buí;
Duilleoga deasa deasa,
Ag imeacht leis an ngaoth.**

**Duilleoga deasa deasa.
Duilleoga deasa buí;
Duilleoga deasa deasa,
Ar an talamh ina luí.**



Buail do Bhosa

Buail do bhosa,
Buail do bhosa,
Bosa beaga míne,
Buail do bhosa,
Buail do bhosa
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine.

Buail do ghlúine,
Buail do ghlúine,
Glúine beaga míne,
Buail do ghlúine,
Buail do ghlúine
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine.

Buail do chosa,
Buail do chosa,
Cosa beaga míne,
Buail do chosa,
Buail do chosa
Is gheobhaidh tú féirín Dé hAoine.



Cúigear Fear

Cúigear fear ag tógáil tí,
Ag tógáil tí, ag tógáil tí,
Cúigear fear ag tógáil tí,
Shuigh fear síos is lig sé scíth!

Ceathrar fear ag tógáil tí,
Ag tógáil tí, ag tógáil tí,
Ceathrar fear ag tógáil tí,
Shuigh fear síos is lig sé scíth!

Triúr fear ag tógáil tí,
Ag tógáil tí, ag tógáil tí,
Triúr fear ag tógáil tí,
Shuigh fear síos is lig sé scíth!

Beirt fhear ag tógáil tí,
Ag tógáil tí, ag tógáil tí,
Beirt fhear ag tógáil tí,
Shuigh fear síos is lig sé scíth!

Fear amháin ag tógáil tí,
Ag tógáil tí, ag tógáil tí,
Fear amháin ag tógáil tí,
Shuigh fear síos is lig sé scíth!



Teidí Beag Álainn

Teidí beag álainn, Teidí beag buí,
Thit sé sa pháirc agus tá sé an-tinn;
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,

Teidí beag álainn, Teidí beag buí.

**Ghortaigh sé a cheann agus
ghortaigh sé a shúil,
ghortaigh sé a lámha,
ghortaigh sé a ghlúin;
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.**

**Tháinig an dochtúir i gcarr chun an tí;
"Cá bhfuil Teidí beag, Teidí beag buí?"
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.**

**D'fhéach sé ar a cheann agus
d'fhéach sé ar a shúil,
d'fhéach sé ar a lámha,
d'fhéach sé ar a ghlúin;
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.**



Seáinín ar a Rothar

Seáinín ar a rothar,
Chuaigh sé síos an bóthar
Seáinín ar a rothar,
Aon, dó, trí.

Seáinín ar a rothar,
Thit sé ar an mbóthar,
Seáinín beag ag caoineadh,
Aon, dó trí.

Seáinín beag ag gáire,
Ag súgradh lena chairde,
Seáinín beag ag gáire,
Aon, dó, trí.



Froganna Beaga Glasa

Froganna beaga glasa,

Froganna beaga buí,

Froganna beaga glasa,

Agus a mamaí ina suí.

Daidí Frog ina sheasamh,

Agus maide ina lámh,

Ag múineadh do na froganna,

Cén chaoi le snámh.



Istigh sa Zú

Istigh sa Zú
Tá an Babaí Cangarú,
Léim anois, léim anois,
Léim anois go luath!

Istigh sa Zú
Tá an Mamaí Cangarú,
Léim anois, léim anois,
Léim anois go luath!

Istigh sa Zú
Tá an Daidí Cangarú,
Léim anois, léim anois,
Léim anois go luath!



Oíche Shamhna

Oíche Shamhna,
Oíche Shamhna,

**Féasta mór,
Féasta mór,
Úlla agus oráistí,
Úlla agus oráistí,
Bananaí agus cnónna,
Bananaí agus cnónna.**

